



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt ar Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Le plé

Meán Fómhair 2022



## An Clár Ábhar

---

<b>1. RÉAMHRÁ</b> .....	5
<b>2. CÚLRA</b> .....	6
Cad is drámaíocht ann?.....	6
Cad is léann na hamharclannaíochta ann? .....	8
Cad is léann na scannán ann? .....	8
<b>Achoimre ar an Rannóg</b> .....	10
<b>3. ÁIT LÉANN NA DRÁMAÍOCHTA, NA SCANNÁN AGUS HAMHARCLANNAÍOCHTA SA CHURACLAM IN ÉIRINN</b> .....	11
<i>Aistear</i> .....	11
<b>Curaclam na Bunscoile</b> .....	11
<b>An tSraith Shóisearach</b> .....	12
<b>An Idirbhliain</b> .....	12
<b>An Ardteistiméireacht Fheidhmeach</b> .....	12
<b>An Ardteistiméireacht Bhunaithe</b> .....	13
<b>Drámaíocht agus amharclannaíocht sheach-churaclam</b> .....	13
<b>Deiseanna Breisoideachais agus Ardoideachais</b> .....	13
<b>Achoimre ar an Rannóg</b> .....	15
<b>4. DEARCTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA</b> .....	16
<b>Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta i ndlínsí eile</b> .....	16
Cá bhfuil sé sa churaclam? .....	16
Cad atá sa churaclam?.....	17
Cén chaoi a ndéantar é a mheas? .....	19
<b>Soláthar léann na scannán i ndlínsí eile</b> .....	21
Cá bhfuil sé sa churaclam? .....	21
Cad atá sa churaclam?.....	21
Cén chaoi a ndéantar é a mheas? .....	22
<b>Achoimre ar an Rannóg</b> .....	23

<b>5. CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU .....</b>	<b>24</b>
Scóip agus struchtúr na sonraíochtaí.....	24
Scileanna a fhorbairt agus foghlaim chomhoibríoch .....	24
Acmhainní.....	24
Toilleadh .....	24
Measúnú .....	25
 <b>6. TREOIR D'FHORBAIRT SHONRAÍOCHT LÉANN NA DRÁMAÍOCHTA, NA SCANNÁN AGUS NA HAMHARCLANNAÍOCHTA DE CHUID NA SRAITHE SINSEARAÍ .....</b>	 <b>26</b>
 <b>TAGAIRTÍ .....</b>	 <b>28</b>

---

**Táblaí**

Tábla 1: Soláthar Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta i sampla dlínsí .....	21
Tábla 2: Soláthar Staidéir scannán i sampla dlínsí .....	23

## 1. Réamhrá

---

An tAthbheithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Déanann an tuarascáil taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na múinteoirí, an scoláire, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbheithnithe ceithre bliana faoin gcaoi a bhféadfadh an tSraith Shinsearach forbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga uile. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na Sraithe Sinsearaí sna blianta amach romhainn.

I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbheithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – idir ábhair agus mhodúil – agus an gá atá le comhpháirteanna nua den churaclam a mheas. Chuir an tuarascáil Chomhairleach bonn eolais faoi phlean an Aire maidir le haghaidh hathfhorbairt na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear ábhar nua Ardteistiméireachta a thabhairt isteach *Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán* i mí Mheán Fómhair 2024. Sa pháipéar seo tugtar cúlra le haghaidh forbairt ar an ábhar agus tá sé mar bhonn le haghaidh comhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí réimse páirtithe leasmhara a fháil, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile agus an scoláire chun rannchuidiú le forbairt sonraíochta don ábhar nua seo.

Féachann an páipéar seo ar na trí fhearann a leagtar amach i dteideal an ábhair seo agus sainaitníonn sé na réimsí ina bhfuil forluí agus idirdhealú. Sa dara chás, tugann sé forléargas ar an áit a bhfuil drámaíocht, amharclannaíocht agus scannán mar chuid cheana féin den churaclam i luathóige, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Ar an tríú dul síos, féachann an páipéar ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta chun a scrúdú conas a dhéantar na fearainn seo a theagasc, a mheasúnú agus a chreidiúnú in áiteanna eile agus na meastúcháin a chuimseoidh forbairt sonraíochta mar sin roimh threoir mholta a leagan amach d'fhorbairt na sonraíochta.

## 2. Cúlra

---

Chuir Éire tallanna idirnáisiúnta suntasacha ar fáil i ndisciplíní na drámaíochta, na hamharclannaíochta agus na scannán agus fós níl drámaíocht, amharclannaíocht ná scannán mar ábhair fhoirmiúla le haithint nó le creidiúnú san Ardteistiméireacht Bhunaithe in Éirinn. Maidir leis an bhfógra ón Aire Oideachais i Márta 2022 go dtabharfaí ábhar nua, Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán, isteach go clár na hArdteistiméireachta, is féidir é a rianú siar go dtí na torthaí in *Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach* (CNCM, 2022) a leag béim ar an riachtanas le haghaidh deiseanna breise don scoláire sa tsraith shinsearach sna healaíona cruthaitheacha.

Go hidirnáisiúnta, leagtar níos mó béime ar chothú na cruthaitheachta agus forbairt bhainteach scileanna smaointeoireachta criticiúla. Tugann foilseachán ECFE, *Fostering Students' Creativity and Critical Thinking: what it means in school* (Vincent-Lancrin *et al.*, 2019) breac-chuntas ar na cúiseanna go bhfuil cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil riachtanach le haghaidh nuálaíochta, folláine agus fheidhmiú maith na bpobal daonlathach. In Éirinn, bhí an bhéim seo mar an gcéanna i mbeartais rialtais le gairid. Leagann Cairt na nEalaíon san Oideachas (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012) amach ról lárnach na n-ealaíon san oideachas ar gach leibhéal. Ba mhinic fócas sna ábhair inní maidir le hoideachas sna beartais chultúrtha le haghaidh na n-ealaíon cruthaitheach in Éirinn ar thacar scileanna a fhorbairt agus an earnáil oideachais a ailíniú le riachtanais an tionscadail scannáin agus teilifíse (An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta, 2019). Beidh gach aon cheann de na réimsí seo, forbairt ar scileanna smaointeoireachta cruthaithe agus criticiúla, agus forbairt ar thacair scileanna le haghaidh dul chun cinn breise sna hEalaíona, beidh siad lárnach sna meastúcháin agus sa phlé le linn fhorbairt na sonraíochta seo.

Measann an páipéar seo cén áit a bhféadfaidh an t-ábhar nua seo a bheith laistigh den churaclam sa tsraith shinsearach agus tosaíonn sé trí bhreathnú ar na trí fhearann atá leagtha amach sa teideal agus na réimsí ina bhfuil forluí agus idirdhealú a shainaithint, mar tá gá le soiléireacht maidir lena bhfuil i gceist leis na trí théarma sa teideal chun an plé níos déanaí a chur i gcomhthéacs.

### Cad is drámaíocht ann?

#### Stair na drámaíochta

Tá stair fhada ag baint leis an drámaíocht. Chomh fada siar le scríbhinní Phlatóin agus Arastatail, rinneadh bunús na drámaíochta sa seansaol a rianú. Sna scríbhinní luatha seo níl aon idirdhealú soiléir idir drámaíocht agus filíocht mar bhí sé i gceist an dá cheann a chur ar stáitse, ach fiú ón gcéim luath seo rinneadh nasc idir drámaíocht agus oideachas a chur ar an lucht féachana. Mhair na luath-thragóidí agus na luath-ghreanndrámaí de bhunús na Gréige taobh leis na traidisiúin an drámaíochta a úsáid i bhféilte reiligiúnacha chun oideachas a chur ar an bpobal. Ní raibh na téamaí agus na scéalta a bhí le feiceáil sa drámaíocht mhóréilimh gan cháineadh agus cháin Platón úsáid ha haithrise sa drámaíocht, mar, ina thuairim féin, d'fhéadfadh spreagadh drochnósanna a bheith mar thoradh air sa phobal.

Bhí ábhair inní mar a chéile ar an eaglais iar-Rómhánach faoin amharclann mar áit droch-chlú agus an drámaíocht mar spreagadh an oilc, agus mar sin chuir sí cosc ar an drámaíocht agus ina dhiaidh sin dúnadh amharclanna. Mar sin féin, tháinig eaglais na luath-mheánaoise arís ar chumhacht na drámaíochta chun teagasc morálta a thabhairt dá pobal, agus leis sin tháinig drámaí liotúirgeacha chun cinn, a dtugtar na drámaí Míorúilte orthu. Le linn réimeas Eilís I agus Shéamas I i Sasana, cuireadh cosc ar dhrámaíocht agus, dá réir sin, ar amharclanna agus baineadh an cosc díobh arís i ndiaidh a chéile go dtí gur dhún Cromail iad go deo. Don chuid eile den Eoraip, bhí éabhlóid na drámaíochta go hiomlán difriúil, leis an ráchairt ar *Commedia dell'Arte* san Iodáil, aoir sa Fhrainc de faoi Molière agus aois órga na

hamharclannaíochta sa Spáinn. Faoi dheireadh an naoú haois déag agus isteach san fhichiú haois tháinig éabhlóid ar chineálacha nua drámaíochta agus amharclannaíochta nua le ceisteanna níos polaitiúla agus eiseacha nach raibh le feiceáil roimhe sin, le gluaiseachtaí ag teacht chun cinn ar nós Amharclannaíocht na hÉigille, Amharclannaíocht Eipiciúil agus níos déanaí Amharclannaíocht na Leatromach. Chonacthas éabhlóid ar mhodhanna drámaíochta freisin a rinne príomhealaíontóirí cosúil le Konstantin Stanislavski, Bertolt Brecht agus Michael Chekhov a fhorbairt. Tá gach aon cheann de na réanna agus na tionchair seo i bhforbairt na drámaíochta, na haisteoireachta agus amharclannaíochta mar ábhar béime ar bhealaí difriúla i gcuraclaim dhrámaíochta ar fud i ndlínsí éagsúla.

### **Drámaíocht san oideachas**

Leag Comenius béim ar áit na drámaíochta san oideachas in 1650, a cheap go bhféadfaí gach eolas a fhiosrú trí dhrámaíocht. D'aithin teoiricithe oideachais luatha mar Piaget agus Vygotsky nádúr tógtha go sóisialta na foghlama agus an fhoghlaim chognaíoch, chéadfach, mhothúcháin agus chinéistéiseach a tharlaíonn trí shúgradh. Ach i dtraidisiún an iarthair, nuair a tugadh isteach scolaíocht éigeantach, níor measadh go raibh an drámaíocht, go háirithe an drámaíocht chomhaimseartha, lárnach san oideachas. Ní raibh d'eisceachtaí ann a rinneadh ná le haghaidh cuimsiú scríbhneoirí marbha sa teanga dhúchais amhail Shakespeare agus Marlowe, nó téacsanna drámata traidisiúnta i nGréigis nó i Laidin (O'Toole, Stinson agus Moore, 2009). Ach bhí an drámaíocht i gcónaí ann ar imeall an tsoláthair curaclaim. Tháinig éabhlóid ar an oideachas urlabhra agus drámaíochta ó dheaslabhartha i gcórais scoileanna faoi thionchar na Breataine ar fud an domhain, agus iad dírithe go minic ar chanúintí a 'cheartú' agus ar bhriathraíocht a fheabhsú. Is fada léiriúcháin, taispeántais agus ceolchoirmeacha scoile lárnach i saol na scoile mar cheiliúradh nó chun an scoil a chur chun cinn. Mhéadaigh an tóir i roinnt áiteanna ar an drámaíocht mar oideolaíocht, ina mbaintear úsáid as an súgradh drámata chun téamaí a fhiosrú nó chun inniúlachtaí a fhorbairt, faoi thionchar shaothair luatha Caldwell Cook (1919) agus Finlay Johnson (1907).

Is féidir go leor de na tionchair i bhforbairt na drámaíochta mar ábhar curaclaim a rianú go dtí forbairtí sa Ríocht Aontaithe. Tháinig méadú ar an éileamh ar oideachas drámaíochta ó na 1960idí le saothar scríbhneoirí amhail Peter Slade (1954, 1966) agus Brian Way (1967) inar breathnaíodh ar an súgradh drámata mar fhoirm fhorchéimnitheach d'oideolaíocht oideachasúil agus mar chuid bhunúsach de réimse na forbartha teanga. Ceal curaclam náisiúnta, tháinig éabhlóid shuntasach ar an drámaíocht mar ábhar sa Ríocht Aontaithe idir na 1960idí agus na 1980idí ar nós próiseáil drámaíochta, ag leanúint thionchar na bpríomhsmaointeoirí amhail Dorothy Heathcote agus Gavin Bolton (Heathcote agus Bolton, 1995) agus níos déanaí Cecily O'Neill (O'Neill, 1982) agus Jonathan Neelands (Neelands, 1984). Bhí an drámaíocht san fhoirm seo, drámaíocht-in-oideachas, ina meán foghlama a raibh de sprioc aige eispéiris a chruthú don scoláire mar a bhféadfadh idirbheartaíochtaí daonna a thuiscint, a fhiosrú agus a athshamlú. Tá roinnt saintréithe ag baint leis an 'drámaíocht phróisis': tá sé tobchumtha; eipeasóideach; déantar í a idirbheartú go minic; bíonn gach rannpháirtí páirteach ina déanamh mar charachtair laistigh; ní bhíonn sí líneach riamh; agus go ríthábhachtach, tarlaíonn sí gan lucht féachana (O'Toole, Stinson agus Moore, 2009).

Ó 1988, nuair a tugadh isteach an Curaclam Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe, bhog an drámaíocht mar ábhar ó bheith dírithe ar phróiseas amháin agus anois déanann boird na scrúduithe príomhúdair nó téacsanna le staidéar agus le cur i láthair mar chuid den churaclam a shonrú. Cé go bhfuil athrú go staidéar níos foirmiúla ar dhrámaíocht théacsbhunaithe sa Ríocht Aontaithe, tá príomhról fós ag drámaíocht phróisis i soláthar curaclaim na drámaíochta sa Ríocht Aontaithe agus in áiteanna eile. San Astráil, tugadh isteach drámaíocht mar ábhar sna 1980idí agus leanann sí traidisiún na 'drámaíochta próisis' agus breathnaítear air mar phríomhréimse foghlama sna hEalaíona, mar aon le damhsa, ceol agus amharc-ealaín. Is féidir fiosrúchán iomlán ar na bealaí a dtugtar faoi dhrámaíocht sa churaclam sna

dlínsí difriúla a fháil i Roinn a Ceathair, ach tá na trí bhealach seo ar féidir drámaíocht a choincheapú mar phróiseas, oideolaíocht nó táirge lárnach do phlé maidir lena bhfuil i gceist againn le drámaíocht.

## Cad is léann na hamharclannaíochta ann?

Tá teannas ann, cur síos forleathan déanta air, idir úsáid na dtéarmaí ‘drámaíocht’ agus ‘amharclannaíocht’ sa litríocht. ‘Do go leor daoine, is ionann *drámaíocht* agus an cleachtas agus is ionann *amharclann* agus an foirgneamh. Do dhaoine eile, is ionann *drámaíocht* agus cleachtas amaitéarach na n-ealaíon, agus is ionann *amharclannaíocht* agus an cur i gcrích gairmiúil. Do dhaoine eile, tagraíonn *dráma* don téacs drámatúil liteartha, agus tagraíonn *amharclann* do léiriú beo na bhfocal sin’ (Finneran, 2016, lch 110). Ina theannta sin, tá ionchuimsiú na dtéarmaí nua cosúil le ‘drámaíocht fheidhmeach’ nó ‘amharclannaíocht fheidhmeach’ a dhéanann níos deacra é dul i ngleic leis an ábhar seo (McCarthy, 2018).

Is é is féidir a chomhaontú ná go bhfuil drámaíocht ‘ag déanamh’. Is rannpháirtíocht aeistéitiúil í lena mbaineann meascán de mhothúchán, intleacht, corp agus samhlaíocht agus tá de thorthaí uirthi gníomhaíocht chomhoibríoch, chruthaitheach (Hussey, 2017). Tá sí aisehillteach agus baineann “oideolaíocht an iontais” léi (Hussey, 2018) sa chás go bhfuil pleanáil riachtanach, ach bíonn torthaí éiginnte agus gan choinne (Edmiston, 2021).

Tugann léann na hamharclannaíochta feasacht go dtí coincheap an taispeántais ó tharla gur sa spás amharclannaíochta a dhéantar scrípteanna tobchumtha nó foirmiúla a chur i bhfeidhm agus ar an stáitse do lucht féachana. Ar na nithe is féidir a bheith san áireamh i léann na hamharclannaíochta ná gnéithe a bhaineann le haicsean a thabhairt chuig an stáitse lena n-áirítear forbairt ar charachtar, gluaiseacht, gotha agus glór, chomh maith leis na nithe fisiceacha stáitse amhail soilsiú, prapaí, seiteanna, fuaimdhreach, agus éide. Tá stair ag baint le hamharclannaíocht freisin a bhfuil tionchar aige fós i dtéarmaí seánra agus foirmeacha atá forbartha (drámaí míorúilte, amharclannaíocht Eilíseach, Amharclannaíocht na hÉigílle, etc.) agus na modhanna chun na seánraí sin a thabhairt chuig an stáitse (Stanislavski, Brecht, Chekhov, etc.). Maidir le sonraíocht léann na drámaíochta agus na hamharclannaíochta níor mhór an chothromaíocht a mheas idir na gnéithe comhoibríocha, iniúchta, rannpháirtíocht aeistéitiúil le drámaíocht agus na gnéithe stairiúla, comhthéacsúla agus teicniúla den fhoirm ealaíne a chuirtear in iúl sa léann amharclannaíochta.

## Cad is léann na scannán ann?

Tá stair scannán níos giorra ná stair na drámaíochta, ach tá athrú drámatúil air mar chineál ealaíon sa tréimhse staire ghearr sin. Agus é ag teacht chun cinn go deireanach sa 19ú haois, rinneadh na chéad scannáin a scannánú i ndubh agus bán, gan fuaim agus níor mhair siad ach cúpla nóiméad. Measadh go forleathan mar an chéad taispeáint tráchtála ar an scáileán, bhí taispeáint na ndeartháireacha Lumière de na gearrscannáin i bPáras in 1895 mar thús de scannáin a léiriú do lucht féachana. Bunaíodh comhlachtaí léirithe scannán ar fud an domhain, agus tháinig forbairt ar scannán pictiúrlainne difriúil i gcomhthéacsanna difriúla. Faoi thús na 1910idí, bhí comhlachtaí léiriúcháin bunaithe sa Bhreatain, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sna Stáit Aontaithe, san Iodáil, sa Danmhairg, sa tSualainn agus sa tSeapáin agus léirigh siad ar fad ina gcomhthéacs féin scannáin a d’fhorbair ar bhealaí difriúla.

Tháinig athrú ar thaithí scannán mar gheall ar fhorbairt na teicneolaíochta le linn na staire. Bhí na scannáin luatha gearr, ach faoi 1906 d’fhéadfaí scannán lánfhada seasca nóiméad a dhéanamh. Ag deireadh na 1920idí tugadh isteach fuaim agus sna 1930idí léiríodh líon teoranta de scannáin dhaite. Ón tús, bhí éifeachtaí speisialta mar chuid de theanga na scannán agus bhí meascán de bheochan agus cleasa ceamara sna saothair luatha de George Méliès sna 1890idí chun scéal fantaisíochta a chruthú.



Tá úsáid eagarthóireachta, seatanna ceamara agus teicneolaíochta ag leanúint ag forbairt le céad bliain anuas inar féidir tírdhreacha agus carachtair iomlána a léiriú go digiteach agus a chur le craoladh beo den scannán (Elsaesser, 2016). Tá an chéim iarléirithe seo, ina bhfuil eagarthóireacht agus éifeachtaí agus fuaimrian i gceist, ag baint go saineúil le scannán agus is cuid dhifriúil é an meán seo i gcomparáid le neasacht drámaíochta. Cuirtear scannán le chéile chun déantán a dhéanamh a bheidh mar a chéile ar fhéachaint arís agus arís eile, cé go bhféadfadh an lucht féachana léargais dhifriúla a thabhairt faoi deara den scannán. Beidh éagsúlacht i gcónaí ag baint le taispeántas drámatúil mar tarlaíonn sé san am i láthair laistigh de chomhthéacs sonrath.

Tá seánraí scéalaíochta traidisiúnta curtha in oiriúint agus athraithe i scannán cosúil le coiméide, tragóid, scéal grá agus fantaisíocht, agus tá teanga nua cruthaithe thart timpeall ar an mbealach a gcuirtear na seánraí seo i láthair nó a n-aithnítear iad ar scannán. Bhí tionchar ag saothar na príomhstíúrthóirí amháil Ingmar Bergman, Alfred Hitchcock, Werner Herzog, Akira Kurosawa, François Truffaut, Stanley Kubrick, i measc a lán daoine eile, ar an mbealach ar léiríodh agus ar tugadh léirmhíniú don scannán. I dteannta an chineáil scéalaíochta, tá forbairt tagtha ar scannán mar chineál ealaíne le scannánaíocht trialach nó avant-garde ag maireachtáil le taobh leaganacha amach scéalaíochta traidisiúnta. Is féidir le staidéar scannánaíochta scannáin faisnéise, scannáin bheathaisnéise, gearrscannáin agus scannáin bheochana a ionchuimsiú.

Beidh forléargas ar fhorbairt stairiúil scannán san áireamh i léann na scannán mar aon le saothair na príomhstíúrthóirí / léiritheoirí / cineamatagrafaihte / léiritheoirí fuaimrianta / agus mar sin de. Is minic na tréithe teicniúla a ionchuimsítear sa léiriú ar scannán a bheith ina n-ábhar le haghaidh staidéar speisialaithe. Ar na forbairtí scannán lasmuigh den chanóin iarthair/Bhéarla beidh iniúchadh ar shaothar na scannánóirí ón Áise, ón Afraic agus ón Eoraip. In éineacht le staidéar ar stair scannán, comhthéacs, teoiric agus teicneolaíochtaí bíonn de ghnáth feidhmiú an eolais agus na scileanna i léiriú comhoibríoch tionscadail scannáin.

Laistigh d'oideachas, breathnaítear ar scannán mar mheán cumarsáide níos leithne ina bhfuil teilifís, raidió, beochan, agus le blianta beaga anuas na meáin shóisialta, podchraoladh agus léiriú digiteach san áireamh. Tugadh isteach léann na scannán sa churaclam sa Ríocht Aontaithe sna 1960idí mar mheán chun staidéar a dhéanamh ar chultúr pobail don scoláire a chur san áireamh agus leathnaíodh é chun teilifís agus na meáin eile a chur san áireamh faoi na 1980idí. Chuir Cumann Oideachais i Scannán agus Teilifís (SEFT) agus a léiriú dá n-iris *Screen*, ábhair agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí chun an t-ábhar seo a theagasc (Bolas, 2008). De thoradh ar nádúr uileláithreach na meán amhairc i saol an scoláire tá níos mó éilimh idirnáisiúnta ar anailís chriticiúil ar chumarsáid eolais trí na meáin a chur san áireamh. Is féidir iniúchadh breise ar na cuir chuige i leith léann na scannán go hidirnáisiúnta a fháil i Roinn a Ceathair.

## Achoimre ar an Rannóg

Níl na téarmaí drámaíocht agus amharclannaíocht fós gan chonspóid. Cé go bhfuil réimsí forluí, is féidir féachaint orthu mar dhisciplíní ar leith. Baineann dráma le cumasc inniúlachtaí mothúchánacha, fisiceacha, intleachtúla agus samhlaíocha an scoláire atá páirteach i ngníomhaíocht chomhoibríoch, chruthaitheach. Baineann amharclannaíocht le lucht féachana a thabhairt isteach agus tá stair fhada aici maidir le stáitsiú, a bhféadfaidh na gnéithe teicniúla agus stairiúla de a bheith mar chuid den staidéar.

Is minic a bhreathnaítear ar dhrámaíocht san oideachas mar phróiseas, oideolaíocht nó táirge, nó meascán de na trí rud go léir.

Is disciplín ar leith é léann na scannán agus baineann sé le foirm amharc-ealaíne a léiriú do lucht féachana breathnú uirthi ar dháta níos deireanaí, seachas neasacht taispeántais drámaíochta. Féadfaidh na hintinní céanna a bheith ag baint le gnéithe teicniúla na scannánaíochta agus a bhaineann le stáitsiú drámata, amhail soilsiú, éide, fuaimrian nó treorú, ach baint úsáid astu ar bhealach difriúil. Áireofar le staidéar ar scannáin, de ghnáth, ceisteanna stairiúla agus comhthéacsúla chomh maith le forbairt na feasachta teicniúla agus an tsaineolais.

### 3. Áit Léann na Drámaíochta, na Scannán agus hAmharclannaíochta sa churaclam in Éirinn

---

Cé nach raibh drámaíocht, amharclannaíocht agus scannánaíocht ann i gcuraclam na hArdteistiméireachta Bunaithe, bhí siad ina ngné bhunúsach de *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus curaclam na bunscoile. Bíonn gearrchúrsaí ar fáil sa tsraith shóisearach, agus is minic a bhí sé mar chuid de Chláir Idirbhliana scoile agus tá tuairisceoir modúil Drámaíochta san Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar chuid d'Oideachas Ealaíon. Tá staidéar ar théacsanna drámatúla mar chuid lárnach den churaclam Béarla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Is féidir staidéar ar théacsanna drámatúla a fháil freisin i nGaeilge, sa Léann Clasaiceach agus i Nuatheangacha lasachta. Rinneadh staidéar ar scannánaíocht sa tsraith shóisearach i staidéar ar na meáin i mBéarla, agus mar théacs comparáideach i mBéarla na hArdteistiméireachta agus i mBéarla agus Cumarsáid na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ní féidir roinnt eolais theoriciúil ar staidéar amharclannaíochta a fheiceáil dáiríre ach sna sonraíochtaí le haghaidh Bhéarla na sraithe sóisearaí agus i gcuraclam an Bhéarla don Ardteistiméireacht. Tabharfar breac-chuntas ar sholáthar i ngach ceann de na réimsí seo anseo thíos.

#### **Aistear**

In *Aistear*, an creatchuraclam don luathóige, deirtear i leith na foghlama trí shúgradh go bhfuil mórán gnéithe de dhrámaíocht san áireamh inti, lena n-áirítear rólímirt, súgradh cur i gcéill, súgradh fantaisíochta agus bréagach, dul i ngleic le prapáí, éidí, puipéid; agus gothaí agus glór a úsáid chun scéalta a insint. Tugtar spreagadh do pháistí an domhan a fhiosrú trí rannpháirtíocht i ndrámaíocht mar aon le foirmeacha ealaíne eile amhail ceol, damhsa, amhránaíocht, filíocht agus amharc-ealaín. Tá drámaíocht soiléir ar fud *Aistear*, de bhrí go gcuireann eispéiris páistí ar fhoghlaim trí shúgradh mar fhráma den fhoghlaim agus de na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn á samhlú sa churaclam.

#### **Curaclam na Bunscoile**

I gCuraclam na Bunscoile 1999 chonacthas go raibh an drámaíocht lárnach sa taithí ar na hEalaíona sa bhunscolaíocht. Tá oideachas na n-ealaíon i gcuraclam na bunscoile roinnte i dt trí bhainne: drámaíocht, ceol agus amharc-ealaín, agus tugann an curaclam breac-chuntas ar an mbealach ar chóir don scoláire a bheith páirteach i dt trí ghníomhaíocht idirghníomhacha: féachaint ar an bhfoirm ealaíne, freagairt di, agus í a dhéanamh (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus CNCM, 1999). Luaitear sa cháipéis go ndéanann dráma sa churaclam 'téamaí agus fadhbanna a fhiosrú, comhthéacs sábháilte a chruthú chun é sin a dhéanamh, agus deiseanna a chur ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar léargas a fuarthas sa phróiseas' (Ibid, lch 3) a léiríonn dearcadh gur 'próiseas' í an drámaíocht. Tá taithí na drámaíochta ar fud an churaclaím, áfach, níos ailínithe leis an dearcadh 'oideolaíoch' de dhrámaíocht, in úsáid teicnící atá sonrath do dhrámaíocht sonracha mar dhiancheistiú, múinteoir i ról agus rólímirt i dteagasc inniúlachtaí eile (Cregan, 2019), nó i léargas 'táirge' de dhrámaíocht i léiriú cheolchoirm na Nollag nó dráma scoile, agus an léargas próisis de Dhrámaíocht mar ábhar ar leith a fhaigheann leithdháileadh ama teoranta (McCoy, Smyth agus Banks, 2012). Níl léann na scannán mar chuid de churaclam na bunscoile go dtí seo, ach maidir le *Dréachtchreat Curaclaím na Bunscoile* (CNCM, 2020) a bhí ar fáil le gairid le haghaidh comhairliúcháin, ligeann sé scannán a ionchuimsiú mar aon le meáin dhigiteacha sa réimse curaclaím Oideachas Ealaíon.

## An tSraith Shóisearach

Sa tsraith shóisearach, féadfaidh an scoláire taithí a fháil ar dhrámaíocht agus ar scannáin ar bhealaí éagsúla. I gcuraclam an Bhéarla, déanann an scoláire fiosrú ar théacsanna agus scannáin dhrámatúla chun feasacht a mhéadú ar sheánraí agus ar stíleanna difriúla. Tugtar spreagadh gearrscannáin a úsáid chun feasacht a fhorbairt ar roghanna eagarthóireachta agus stiúrthóireachta difriúla a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh sa scéalaíocht. San áireamh ar an liosta de théacsanna ainmnithe le haghaidh staidéir tá liosta de théacsanna drámatúla a chuimsíonn drámadóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta, agus téacsanna scannáin lena n-áirítear scannáin teanga íasachta agus bheochana.

Féadfaidh an scoláire taithí a fháil ar léann na drámaíochta, na scannán nó na hamharclannaíochta trí cheann amháin de roinnt gearrchúrsaí atá ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu. Tugann an gearrchúrsa i dTaibhiú Ealaíne an deis don scoláire dul i ngleic leis na healaíona trí phleanáil agus rannpháirtíocht a ghlacadh sa taibhiú ealaíne. Déantar measúnú ar an gcúrsa seo trí Mheasúnú Rangbhunaithe ar thaispeántas an ghrúpa agus tugtar aitheantas do smacht teicniúil, cruthaitheacht, léirmhíniú agus obair foirne. San áireamh sa taispeántas tá an rogha dráma scoile nó ceoldráma a stáisiú nó script scáileáin a scríobh, a chur in eagar agus a scannánú.

D'fhorbair Institiúid Scannán na hÉireann gearrchúrsa faoi [scannán](#) a ceapadh le bheith in úsáid ag scoileanna mar chuid dá soláthar don tsraith shóisearach. Tá an cúrsa seo ceaptha i dtrí shnáithe: scannán a fhiosrú, a chruthú agus a roinnt mar a bhfaigheann an scoláire tuiscint ar theanga an scannáin trí bhreathnú ar scannáin roghnaithe, an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm ar thionscadail scannánaíochta agus iad seo a roinnt lena gcomhscoláirí (Institiúid Scannán na hÉireann, gan dáta).

## An Idirbhliain

Tá na scoileanna féin saor a gcláir féin a cheapadh do scoláirí na hIdirbhliana agus go traidisiúnta i go leor scoileanna ba é Bliain na hIdirbhliana suíomh an léiriúcháin dhrámatúil bhliantúil scoile. D'fhorbair roinnt scoileanna aonaid i léann na drámaíochta agus na scannán a ligeann don scoláire saothar a cheapadh agus a chur i láthair sna foirmeacha ealaíne seo. Tá roinnt aonad san Idirbhliain ar fáil le staidéar ar shuíomh gréasáin CNCM lena n-áirítear: An scáileán airgid a léamh, na Meáin agus cumarsáid; agus íomhá ghluaisteach.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Laistigh den mhodúl Béarla agus Cumarsáid, déanann an scoláire staidéar ar scannán mar chuid de *Modúl 3: Cumarsáid sna Meáin*, agus drámaíocht in *Modúl 4: Cuir thú féin in iúl*. Tá léann na scannán curtha laistigh de mhodúl a dhéanann scrúdú chomh maith ar na meáin agus fógraíocht, agus na meáin chlosamhairc, na meáin amhairc agus na meáin chlóite. Cuirtear coincheapa i láthair an scoláire amhail lucht féachana beartaithe agus déanann siad scrúdú ar thionchar datha, íomhánna, fuaim, clógghrafaíochta agus siombalachais sna meáin go ginearálta. Áirítear le léann na scannán réamhrá ar choincheapa agus téarmeolaíocht a bhaineann go sonrach le scannán mar aon le fiosrú ar sheánraí scannán. Is croíghné riachtanach den AF é Béarla agus Cumarsáid agus mar sin faigheann gach scoláire AF taithí air.

Tá fócas ar phróiseas drámaíochta ag an tuairisceoir modúil Drámaíochta agus é mar aidhm aige scileanna sóisialta, cumarsáide agus drámatúla an scoláire a fhorbairt mar aon le tuiscint agus léirithuiscint na hamharclannaíochta. Tugann na modúil breac-chuntas ar theicnící agus modhanna drámaíochta le fiosrú ag an scoláire lena n-áirítear stadáin, cumadóireacht lom láithreach, diancheistiú, agus léiriú pearsan, chun feasacht a fhorbairt ar léiriú carachtair, cineál scéalaíochta agus ealaín stáitse.

Ní mór don scoláire freastal ar léiriú drámatúil chomh maith le píosa cleachtaithe a ullmhú agus a chur ar stáitse mar chuid de na príomhthascanna. Tugtar spreagadh sa mhodúil d'obair chomhoibritheach, do pháisá grúpa agus do mheastóireacht fhéinmhachnamhach. Is modúl roghnach é Drámaíocht laistigh de sholáthar Oideachas Ealaíon AF agus féadfar modúil a thairiscint don scoláire i ndrámáíocht, damhsa, na hamharcealaíona nó ceol. In 2020, bhí 1,100 scoláire AF ag glacadh na rogha Drámaíochta ó chohórt féideartha de 6,223 (data.gov.ie, 2020).

## An Ardteistiméireacht Bhunaithe

Tá staidéar ar théacsanna drámatúla lárnach i gcónaí i mBéarla na hArdteistiméireachta agus tá rogha de théacsanna drámaíochta ann is féidir a roghnú le haghaidh grinnstaidéar ar théacs aonair nó mar chuid de mheascán téacsanna sa staidéar comparáideach. Ligeann an staidéar comparáideach ceann de rogha scannán ó liosta ainmnithe a ionchuimsiú mar chuid den obair chomparáideach freisin. Do mhórán de na scoláirí a thógann ardleibhéal, gheofar taithí ar dhrámáíocht i staidéar ar dhráma de chuid Shakespeare, ó tharla go bhfuil staidéar ar théacs Shakespeare amháin ar an leibhéal seo éigeantach.

Tá fócas an staidéir ar théacsanna drámatúla ar an téacs scríofa agus níl aon léiriú fisiceach den taibhiú san áireamh. Tá anailís théamach, staidéar ar charachtar, agus gnásanna drámatúla mar chuid den staidéar ar dhrámáíocht i mBéarla agus sa staidéar comparáideach féadfar ceisteanna breise amhail comhthéacs cultúrtha, seánra liteartha agus intinn an údair a mheas freisin. Bíonn léann na scannán laistigh den roinn chomparáideach le meas freisin faoi na ceannteidil seo.

Cé go bhfuil deiseanna ann rochtain a fháil ar théacsanna drámatúla agus ar théacsanna scannáin laistigh den churaclam Béarla, tá an fócas fós ar an téacs scríofa nó an téacs amhairc agus tá teorainn ar dheiseanna chun taibhiú, tacaí teoiriciúla, an suíomh laistigh de chanóin stairiúil den seánra sin, ealaín stáitse, tionchar drámatúil, roghanna an aisteora nó an stiúrthóra a mheas. Cé go luaitear i siollabas Bhéarla na hArdteistiméireachta gur chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire 'Dul i ngleic le léiriú léirmhíneithe téacsanna' (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta., 1998), ní hé fócas an tsiollabais é.

## Drámaíocht agus amharclannaíocht sheach-churaclaim

Tá drámaíocht mar chuid den saol seach-churaclaim sna scoileanna ar gach leibhéal trí cheoldrámaí, drámaí nó coirmeacha ceoil a léiriú ón mbunscoil suas go dtí an leibhéal iar-bhunscoile. Bíonn rochtain ag roinnt scoileanna ar mhúinteoirí drámaíochta chun oideachas drámaíochta sonracha a chur ar fáil agus bíonn líon comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus cleachtóirí drámaíochta áitiúla ag tionscnamh na nEalaíon Cruthaitheach sna Scoileanna. Lasmuigh de sholáthar scoile, bíonn soláthar acmhainní a bhfuil ardráchairt fúthu ar fáil ag Amharclannaíocht don Óige ar fud na tíre a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ó na húdaráis áitiúla.

Tháinig éileamh níos mó ar scannán mar ghníomhaíocht sheach-churaclaim sna scoileanna. Spreagann tograí cosúil le *Fresh Film*, a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Ealaíon, scannánóirí óga scannáin a dhéanamh agus cumhachtaíonn sé sin iad mar ealaíontóirí agus oibríonn clár na scoileanna IFI chun léann na scannán sa dara leibhéal a chur chun cinn. Leanann na tograí seo ar aghaidh ón tionscnamh rathúil *Fís* ar leibhéal bunscoile.

## Deiseanna Breisoideachais agus Ardoideachais

In ainneoin easpa sonraíochta Drámaíochta, Amharclannaíochta nó Scannáin sa tsraith shinsearach, tá an iliomad cúrsaí ann ar leibhéal éagsúla sna disciplíní seo atá ar fáil don scoláire tar éis dóibh an scoil a

fhágáil. Bíonn éagsúlachtaí sna disciplíní seo, maidir leis an gcaoi a mheashtar iad agus an gcaoi a dtéann na hinstitiúidí i ngleic leo.

Díríonn roinnt cúrsaí ar thaibhiú drámatúil a fhorbairt agus baineann siad le dianchúrsa forbartha aisteora thar thrí bliana tar éis struchtúr atá cosúil le heiseamláir Acadamh Ríoga na Drámaíochta (RADA). Díríonn na cúrsaí seo freisin ar fhorbairt oiliúna do bhainisteoirí stáitse, dearthóirí agus ealaín stáitse theicniúil. Bíonn institiúidí a chuireann cúrsaí ar fáil sna taibhealaíona, san ealaín stáitse theicniúil nó sa drámaíocht ó ghearrchúrsaí suas go leibhéal céime nó iarchéime.

Maidir le léann na drámaíochta agus na hamharclannaíochta in ollscoileanna, bíonn cothroime fócais acu ar dhrámaíocht phraiticiúil agus tacaí teoiriciúla agus stair na foirme ealaíne. I roinnt ollscoileanna is féidir na cúrsaí seo a ghlacadh mar chéim onóracha amháin nó curtha le disciplín eile le haghaidh comhcháilíocht onóracha nó baineann siad le cúrsaí céime sna taibhealaíona in éineacht le disciplíní eile cosúil le ceol, damhsa, Béarla nó ábhair ealaíon eile. Tá réimse i roinnt cúrsaí, ó dhíriú go sonrach ar léann na drámaíochta agus léiriú go sonrach, go deiseanna díriú ar ghnéithe sonracha cosúil le cleachtadh amharclannaíochta nó scríbhneoireacht stáitse nó scáileáin. Bíonn réimse cúrsaí freisin ag na hOllscoileanna Teicneolaíochta sna taibhealaíona, san ealaín stáitse theicniúil agus i dteoiric agus i gcleachtadh drámaíochta, amharclannaíochta agus scannán.

Comhcheanglaíonn roinnt institiúidí drámaíocht in éineacht le céimeanna comhreathacha oideachais agus ligeann siad don scoláire, atá ag staidéir oideachais, dráma a chur san áireamh le disciplín eile mar chuid dá staidéir.

Ar an leibhéal seo, is minic a chuimsítear scannán i gcúrsa níos leithne sna meáin, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, na meáin chruthaitheacha, na meáin chumarsáide, léiriú meán, nó na hilmheáin. Faoin bhfócas seo, cuirtear comhcheanglaítear scannán le feasacht chriticiúil na n-ilchineálacha cumarsáide agus ligeann sé do mheáin chumarsáide nua a thabhairt isteach laistigh den chúrsa staidéir. Is minic a fhaightear na cúrsaí seo san earnáil ollscoile agus sna hOllscoileanna Teicneolaíochta agus is féidir cáilíochtaí sna healaíona agus sna heolaíochtaí araon a bheith mar thoradh orthu.

## Achoimre ar an Rannóg

Is féidir drámaíocht a fháil sa churaclam ag leibhéal an oideachais luathóige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Is minic a mheastar drámaíocht ar cheann amháin de thrí bhealach: mar phróiseas, mar oideolaíocht nó mar thoradh.

Mar phróiseas, baintear úsáid as drámaíocht chun téamaí a fhiosrú, rannpháirtíocht chomhbhách a spreagadh, scileanna a fhorbairt chun cásanna/caidrimh/imeachtaí a anailísiú go criticiúil agus iad a shamhlú go difriúil.

Mar oideolaíocht, baintear úsáid as drámaíocht san oideachas chun foghlaim a chur i láthair don scoláire in ábhair dhifriúla trí theicnící, gnásanna agus cuir chuige dhrámatúla a úsáid. Mar tháirge, feictear drámaíocht i léiriú drámaí nó ceolchoirmeacha scoile, seirbhísí liotúirgeacha, nó imeachtaí eile, a bhfuil cuid mhaith de le feiceáil san Idirbhliain.

Déantar staidéar ar dhrámaíocht, amharclannaíocht agus scannán sa churaclam Béarla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach ach tá an fócas anseo ar na cineálacha scéalaíochta seachas anailís dhomhain ar an gcomhthéacs, na gnásanna, an stair nó ceisteanna teicniúla drámaíocht nó scannán. Is amhlaidh go bhfuil modúl ag drámaíocht mar ábhar sa chlár AF agus tá i fócas suntasach sa Bhéarla agus Cumarsáid AF ar léann na scannán mar chuid de chumarsáid na meán.

Tá réimse suntasach deiseanna ar fáil don scoláire ar mian leis cúrsaí breisoideachais nó ardoideachais a leanúint sna réimsí drámaíocht, amharclannaíocht nó scannán agus is féidir leis an scoláire díriú ar an anailís, an taibhiú nó bealaí teicniúla.

## 4. Dearcthaí Idirnáisiúnta

---

An t-ábhar mar a dhéantar cur síos air: Níl Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán, mar chuid den soláthar meánscoile sinsearaí in aon cheann de réimse dlínsí a scrúdaítear. Is minic a bhíonn disciplíní Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta taobh le taobh i gcáipéisíocht churaclaim, agus is minic a chuirtear Léann na Scannán in éineacht leis na meáin nó cumarsáid. Is minic a fhaightear na hábhair seo laistigh de ghrúpa ábhar ar a dtugtar oideachas Ealaíon lena n-áirítear go hiondúil damhsa, drámaíocht, ceol agus amharc-ealaín. Chun léargas ginearálta a fháil ar an gcuma a fhéadfaidh a bheith ar ábhar seo, sa chás go bhfuil na hábhair deartha chun bheith go hoiriúnach laistigh den churaclam, tugtar breac-chuntas thíos anseo ar a mbíonn san áireamh sa siollabas go ginearálta agus ar an gcaoi a ndéantar measúnú orthu sna dlínsí seo.

Ar an réimse dlínsí a scrúdaítear tá Sasana (lena n-áirítear boird scrúduithe éagsúla Eduqas, Cambridge, AQA) Albain, Tuaisceart Éireann, Ontario (Ceanada), Queensland (an Astráil), New South Wales (an Astráil), Victoria (an Astráil), an Nua-Shéalainn, an Baccalaureate Idirnáisiúnta agus curaclam na hAstráile (ina bhfuil cead ag críocha glacadh leo nó gan glacadh leo). Roghnaíodh na dlínsí seo chun ciall na réimsí cuir chuige a úsáidtear i dtíortha eile a léiriú, ach freisin chun na cosúlachtaí a shainithint atá ann tríd is tríd. I ngach ceann de na dlínsí seo, cuireadh drámaíocht ar fáil mar ábhar mar chuid den soláthar oideachas ealaíon san oideachas meánscoile íochtaráí. San oideachas meánscoile sinsearaí, bhí leibhéal éigin speisialtóireachta ann agus thairg roinnt dlínsí cúrsaí drámaíochta a dhírigh ar thaibhiú, cúrsaí i léann na hamharclannaíochta, cúrsaí i léann na scannán agus/nó cúrsaí i léann na meán ina raibh scannán san áireamh.

### Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta i ndlínsí eile

#### Cá bhfuil sé sa churaclam?

Déantar cur síos go hiondúil ar léann na drámaíochta agus/nó na hamharclannaíochta mar chuid de ghrúpa d'ábhair in oideachas Ealaíon i ndlínsí eile. Sainmhíníonn go leor dlínsí a soláthar curaclaim i dtéarmaí réimsí éigeantacha staidéir agus modúil roghnacha. Bíonn oideachas ealaíon ar fáil den chuid is mó mar mhodúl roghnach san oideachas meánscoile sinsearaí. Pointe amháin le lua is ea go bhfuil oideachas éigeantach sna dlínsí go léir a scrúdaítear, ón oideachas náiscoil go bliain 10, mar a chéile a bheag nó a mhór le naíonáin shinsearacha go dtí an tríú bliain de mheánscoil in Éirinn (thart ar 16 bliana d'aois). Cuireann údarais churaclaim i ndlínsí cosúil le New South Wales, Queensland, Ontario, An Bhreatain Bheag, Sasana agus an Nua-Shéalainn curaclam leathan ar fáil ón náiscoil go bliain 10. Sa churaclam leathan seo áirítear go minic in oideachas Ealaíon: ceol, amharc-ealaín, damhsa, ealaíona na meán agus drámaíocht.

Tá an tsraith shinsearach coibhéiseach a bheag nó a mhór le hoideachas na meánscoile sinsearaí in áiteanna eile. I ngach dlínse, tá rochtain ag an scoláire ar Dhrámaíocht mar ábhar san oideachas meánscoile íochtaráí, agus mar sin bíonn méid áirithe speisialtóireachta ar fáil san oideachas meánscoile uachtaraí. Ciallaíonn sin go bhfuil speisialtóireacht ar fáil i roinnt cúrsaí i dtaibhiú ealaíon, ealaín stáitse, scríbhneoireacht scripte, léann na hamharclannaíochta teicniúla/ stairiúla/ cultúrtha. In Victoria, san Astráil, cuir i gcás, tá cúrsaí ar leith ar fáil ann le haghaidh Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta le Drámaíocht ag díriú ar stíl taispeántais, taibhiú ensemble agus aonair, agus bíonn Léann na hAmharclannaíochta ag díriú ar stíl amharclannaíochta nua-aimseartha agus réamh-nua-aimseartha, ag léiriú amharclannaíochta agus ag cur léirmhínte i láthair. Sa Baccalaureate Idirnáisiúnta, áfach, cuirtear síos ar an gcúrsa ar leibhéal an dioplóma mar Amharclannaíocht seachas Drámaíocht, agus tá clár drámaíochta na lárbhlíanta suite mar chuid den disciplín ealaíona mar aon le



hamharc-ealaín, na meáin, ceol agus damhsa sa chás nach mór don scoláire disciplín amharc-ealaíon amháin agus disciplín taibhealaíon amháin a roghnú.

De bhrí gur tugadh isteach na príomhchoincheapa i léann na drámaíochta/ hamharclannaíochta san oideachas meánscoile íochtaraí, déantar forbairt ar na hinniúlachtaí seo leis na sonraíochtaí san oideachas meánscoile sinsearaí. In New South Wales mar shampla, déanfaidh an scoláire Drámaíochta i mbliain 9 agus 10 fiosrú ar réimsí ar nós: Brecht agus aoir pholaitiúil; leagan amach scrípte; struchtúr, cúlra agus carachtair ó mhéaldráma; stair, comhthéacs, maisc agus cór na hamharclannaíochta Gréagaí. Ligeann sin don scoláire Drámaíochta i mbliain 11 agus 12 grinnscrúdú breise a dhéanamh ar thraidisiúin amharclannaíochta agus stíleanna taibhithe, ag forbairt ar eolas roimhe sin. Déantar na traidisiúin agus na stíleanna seo, agus an comhthéacs sóisialta, stairiúil agus cultúrtha, a theagasc ó thaithí trí thobsmainteoireacht, tógáil súgartha agus aisteoireacht.

### Cad atá sa churaclam?

Léiríonn na sonraíochtaí curaclaim a ndearnadh taighde orthu raon leathan an ábhair. Cuirtear drámaíocht/amharclannaíocht i láthair mar phointe trasnaithe idir smaoinemh taobhach agus cleachtas, mar a ndéantar an taithí dhaonna á fhiosrú trí scéalta, eispéiris, mothúcháin agus smaointe a iniúchadh, a chur in iúl agus a léiriú, mar a ndéanann an scoláire forbairt ar réimse scileanna drámaíochta idirghaolta chun cur leis an eolas agus na próisis atá riachtanach chun gníomhú agus brí dhrámatúil a chruthú (Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland, 2019). Nascann dráma an scoláire le hiltraidisiúin cleachtas drámaíochta ar fud na gcomhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus stairiúla agus trí dhrámaíocht a chur le chéile agus a chur ar an stáitse déanann siad forbairt ar scileanna mar smaointeoirí cruthaitheacha agus criticiúla (Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria, 2019a).

Sna cáipéisí sonraíochta, deirtear go minic faoin Drámaíocht go bhfuil gnéithe comhchosúla inti:

- forbairt scileanna bunúsacha taispeántais;
- feacht agus taithí ar an bpróiseas maidir le drámaíocht/amharclannaíocht a dhéanamh nó a cheapadh; agus,
- eolas teoriciúil agus stairiúil ar an bhfoirm ealaíne.

In Ontario, Ceanada, cuirtear síos ar na réimsí seo mar: Bunchlocha; Cruthú agus cur i láthair; agus, Machnamh, freagairt agus anailísiú. In New South Wales, an Astráil, i mbliain 10 déantar cur síos orthu mar: Cruthú drámaíochta; Léiriú drámaíochta; Léirthiscint drámaíochta. I gcúrsa bhliain 11 agus 12 glaoitear ar na réimsí seo: Tobsmainteoireacht, Tógáil súgartha agus Aisteoireacht; Gnéithe de Léiriúchán i dTaispeántas; agus Traidisiúin Drámaíochta agus Stíleanna Taispeántais. I dTuaisceart Éireann déantar cur síos orthu mar: Taispeántas ceaptha; Taispeántas scríptithe; Eolas agus tuiscint ar dhrámaíocht. Sa Baccalaureate Idirnáisiúnta déantar cur síos orthu mar Amharclannaíocht i gcomhthéacs; Próisis amharclannaíochta; agus Amharclannaíocht a chur i láthair. D'fhéadfadh an chosúlacht agus an leibhéal comhaontaithe idirnáisiúnta ar na ranna agus sna réimsí fócais seo a bheith tairbheach i bhforbairt sonraíochta sa réimse seo.

Maidir le forbairt scileanna taispeántais, rachaidh an scoláire i ngleic de ghnáth le fiosrú cineálacha drámatúla, bainfidh sé úsáid as foinsí éagsúla chun smaointe a ghiniúint do ghníomhaíochtaí agus do chuir i láthair dhrámatúla, fiosróidh sé gnásanna drámatúla agus úsáidfidh teicnící drámatúla chun léargais a fhorbairt ar imeachtaí, mothúcháin, caidrimh, creidimh agus téamaí. Tá sé mar aidhm ag drámaíocht spás sábháilte a chur ar fáil don scoláire chun dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí seo agus machnamh a dhéanamh orthu. Féadfar píosa drámatúil a cheapadh le haghaidh taispeántais a bheith de bharr na ngníomhaíochtaí seo. Is minic trasnaíl a bheith idir forbairt na scileanna seo le feacht ar ealaín stáitse.

Bíonn taithí an phróisis taispeántas amharclannaíochta a cheapadh nó a léiriú ina bhunphrionsabal lárnach de na sonraíochtaí a scrúdaítear. Is féidir leis an scoláire páirt a ghlacadh sa phróiseas ar roinnt bealaí. Mar shampla, i sonraíocht Drámaíochta TGM i dTuaisceart Éireann, féadfaidh an scoláire dul i ngleic leis an taibhiú ceaptha seo mar thaibheoir nó mar dhearthóir. Féadfaidh an dream atá páirteach i ngné an deartha díriú ar an éide, an soilsiú, na hilmheáin, an seit nó dearadh fuaimne (an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta (CCSM), 2017). Leanann na hábhair TGO i dTuaisceart Éireann treochtaí idirnáisiúnta i dtreo speisialtóireachta agus tá ábhair ar fáil i dTaibhealaíona agus in Ealaín na nÍomhanna Gluaisteacha atá ar fáil araon ag leibhéal AF (180 uair an chloig) agus A2 (360 uair an chloig). Tá aonaid ag siollabas na Taibhealaíona ar fhorbairt scileanna agus repertoire, imeacht sna taibhealaíona a phleanáil agus a chur i gcrích, pleanáil le haghaidh fostaíochta agus taispeántas de réir coimisiúin (CCSM, 2016b). Tá aonaid ag siollabas Ealaín na nÍomhanna Gluaisteacha ar: theicnící réalaiócha agus foirmiúlaíochta agus an stíl chlasaiceach Hollywood; freagairt chriticiúil; léiriú cruthaitheach agus taighde agus freagairt chriticiúil ardleibhéil (CCSM, 2016a). Déanann roinnt sonraíochtaí, cosúil leis an tsonraíocht i dTeastas Victoria san Oideachas (VCE) mionscrúdú ar na ról éagsúla aisteoirí, stiúrthóirí, dearthóirí (éide, solas, fuaim, prapaí etc.) mar aon le scríbhneoireacht scrípte, comhairleoireacht amharclainne<sup>1</sup> agus teicneolaíochtaí amharclannaíochta. Déanfaidh an scoláire géarscrúdú ar léiriúcháin amharclainne agus bainfidh sé úsáid as na léargais seo chun iad a chur ar an eolas faoina chinnteoireacht féin.

Is féidir eolas ar thacaí stairiúla agus teoiriciúla na foirme ealaíne a fháil i ngach ceann de na sonraíochtaí a scrúdaítear. Tá éagsúlacht i sonraíochtaí maidir le réimsí stair na drámaíochta nó na hamharclannaíochta a ndírítear orthu, ach tá réimsí cosúil le Réalachas, Réalachas Draíochta agus Gotach na hAstráile i láthair i siollabas Queensland; tá breac-chuntas tugtha i siollabas Ontario ar bhunús na ngnásanna drámaíochta in amharclannaíocht na Gréige, drámaíocht liotúirgeach in Eoraip na Meánaoise, drámaíocht Shakespeare. Cé go n-éilíonn siollabas Léann na hAmharclannaíochta in Victoria ar an scoláire trí stíl nó níos mó a staidéar ón ré nua-aoiseach lena n-áirítear: Amharclannaíocht Eipiciúil, Amharclannaíocht Tógachaí, Amharclannaíocht na hÉigéille, Amharclannaíocht Pholaitiúil, Amharclannaíocht Eicléictiúil, Amharclannaíocht Fíoragallamh, Amharclannaíocht Thumthach (Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria, 2019b).

Is éard atá lárnach sna cuir síos atá déanta ar dhrámaíocht agus amharclannaíocht sa churaclam sna ndlínsí ar fad ná tábhacht na hoibre ensemble. Trí théamaí a fhiosrú laistigh de ghrúpaí agus píosaí drámatúla a chur le chéile, oibríonn scoláirí as lámh a chéile chun a gcuid oibre a chur i láthair agus a roinnt. Agus iad ag obair le chéile, féadfaidh an scoláire eolas agus scileanna a fhorbairt thar réimse

---

<sup>1</sup> Maidir le comhdhéanamh agus ionadaíocht drámatúil na bpríomhghnéithe drámaíochta ar an stáitse, is féidir fiosrú chomhthéacs an dráma, breithniú ar léiriú cine, inscne, comhthéacs sóisialta, idé-eolaíocht etc a bheith san áireamh.

teicnící drámaíochta (taighde, tobchumadóireacht, script a scríobh, eagarthóireacht, cleachtadh, etc.) agus réimsí léirithe (éide, soilsiú, smideadh, prapaí, puipéadóireacht, dearadh fuaimne, etc.).

Sonraítear i roinnt de na cáipéisí siollabais téacsanna drámaíochta le húsáid, sonraítear i gcáipéisí eile réanna, sainréanna nó stíleanna le léiriú i gcúrsa an staidéir. Maidir le roinnt dlínsí, tugtar sna sonraíochtaí breac-chuntas ar threoirínte ginearálta agus sonraíonn boird scrúduithe ar leith na critéir scrúdaithe agus téacsanna drámaíochta le húsáid (Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag).

## Cén chaoi a ndéantar é a mheas?

Mar ábhar ealaíne a bhfuil fócas aige ar thaibhiú agus ar fhorbairt scile, is féidir le scrúdú ar na bealaí éagsúla a ndéantar léann na drámaíochta agus/nó na hamharclannaíochta a mheas léargais spéisiúla a chur ar fáil faoi dheiseanna agus dúshláin an ábhair seo. Tá éagsúlacht sna socruithe measúnaithe ar fud na dlínsí. In Queensland, tá ar a laghad dhá dheis i mbliain a haon le haghaidh measúnú foirmitheach agus tá ceithre mheasúnú shuimitheacha i gceist i mbliain a dó: trí mheasúnú inmheánacha agus ceann amháin seachtrach. Ar na trí mheasúnú inmheánacha tá taispeántas, tionscadal ar choincheap drámatúil agus tionscadal faoi stiúir cleachtais agus is é an measúnú seachtrach ná scrúdú scríofa ar fiú 25% é.

In New South Wales, déanann an múinteoir 100% den mheasúnú i mbliain 10, agus is féidir le taighde bunaithe ar fhiosrúchán, tascanna, tionscadail agus taispeántas a bheith i gceist. Tríd is tríd déantar breithiúnais iomlánaíochta le tagairt do chreat a thagraíonn do chaighdeán. Déanann múinteoirí socruithe measúnaithe a phleanáil agus a cheapadh chun greim a fháil ar fhoghlaim an scoláire agus tuairiscítear na torthaí i dTeastas Scoile Gnóthachtála. Do chúrsaí iar-éigeantacha Bliain 11 agus 12 a mhúintear thar 120 uair in aghaidh na bliana, spréitear na comhpháirteanna measúnaithe i thar an dá bhliain. Ar na measúnuithe scoilbhunaithe thar an dá bhliain áirítear tascanna grúpa agus tascanna aonair i léiriú, taibhiú agus staidéar criticiúil – nach féidir ach ceann amháin acu i ngach bliain a bheith ina thasc scríofa foirmiúil le 30% d'uasualú. Is éard atá sa scrúdú seachtrach ná páipéar scríofa ar fiú 40 marc é, taispeántas grúpa ar fiú 30 marc é agus tionscadal aonair ar fiú 30 marc é. Comhcheanglaítear an measúnú scoilbhunaithe agus na measúnuithe seachtracha chun na marcanna don mheasúnú deiridh a chur ar fáil don scoláire. Ligeann an tionscadal aonair don scoláire díriú ar cheann amháin as cúig réimse a léiríonn fócas an staidéir don scoláire. Is iad sin: anailís chriticiúil; dearadh; taispeántas; scríbhneoireacht scrípte; nó dráma físeáin.

Tá trí thasc measúnaithe sheachtraigh ag an Baccalaureate Idirnáisiúnta (Píosa amharclainne aonair, Leabhar nótaí an Stiúrthóra agus cur i láthair taighde) agus tasc measúnaithe inmheánach (Tionscadal comhoibríoch) ar fiú céatadán dhifriúla iad ag brath ar an leibhéal a bhfuil an scoláire ag tabhairt faoi. Léirítear sampla den éagsúlacht struchtúr agus cur chuige measúnaithe atá ar fáil ar fud roinnt de na dlínsí sa tábla seo a leanas.

An Dlíne agus an áit a bhfuil Drámaíocht/Amharclannaíocht sa churaclam	Léargas Ginearálta ar fhoghlaim	Measúnú
<p>Queensland, an Astráil An tSraith Shinsearach sa Mheánscoil</p> <p>Na hEalaíona:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Damhsa</li> <li>• <a href="#">Drámaíocht</a></li> <li>• Scannán, teilifís agus na meáin nua</li> <li>• Ealaíona na Meán</li> <li>• Ceol</li> <li>• Na hAmharc-ealaíona</li> </ul>	<p>Comhroinn Machnaigh Dúshlán Trasfhoirmiú</p>	<p>Aonad 1 agus 2 Foirmitheach Aonad 3 agus 4 suimitheach Cuireann an scoláire 4 mheasúnú shuimitheacha i gcrích ina iomláine: 3 mheasúnú inmheánacha, ceann amháin seachtrach</p> <p>Measúnú Suimitheach inmheánach: Taispeántas 20% Tionscadal: Coincheap drámatúil 20% Tionscadal: Tionscadal faoi stiúir cleachtais 35%</p> <p>Seachtrach: Scrúdú: Freagairt fhada 25%</p>
<p>An Baccalaureate Idirnáisiúnta Clár Diplóma</p> <p>Na hEalaíona:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Damhsa</li> <li>• Ceol</li> <li>• Scannán</li> <li>• <a href="#">Amharclannaíocht</a></li> <li>• Na hAmharc-ealaíona</li> </ul>	<p>Téatar i gcomhthéacs Próisis an Téatair An Téatar a chur i láthair</p>	<p>Tascanna Measúnaithe Seachtracha</p> <p>1. Píosa amharclainne aonair 35% 2. Leabhar nótaí an stiúrtóra 35%<sup>2</sup> 20% 3. Cur i láthair taighde 30% 20%</p> <p>Tasc Measúnaithe Inmheánach 4. Tionscadal comhoibritheach 35% 25%</p>
<p>Victoria, an Astráil VCE</p> <p>Na Taibhealaíona:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Damhsa</li> <li>• <a href="#">Drámaíocht</a></li> <li>• Ceol</li> <li>• <a href="#">Léann na hamharclannaíochta</a></li> </ul>	<p><b>Drámaíocht:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Stíleanna taispeántais a chur i láthair</li> <li>• Féiniúlacht na hAstráile</li> <li>• Taispeántas ensemble ceaptha</li> <li>• Taispeántas aonair ceaptha</li> </ul> <p><b>Léann na hAmharclannaíochta:</b> Stíleanna agus gnásanna amharclainne réamh-nua-aimseartha</p>	<p>Dráma VCE Scrúdú scríofa (seachtrach) 25% Taispeántas aonair (seachtrach) 35% Obair chúrsa (40%) Measúnaithe ar scoil</p> <p>Staidéir amharclainne VCE: Aonad 3 agus 4 Measúnú scoilbhunaithe 45% Scrúdú Monalóige Dheireadh na bliana 25% (seachtrach)</p>

	Stíleanna agus gnásanna amharclainne nua-aimseartha Dráma a léiriú Léirmhíniú a chur i láthair	Scrúdú scríofa: 30% (seachtrach)
--	--	----------------------------------

Tábla 1: Soláthar Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta i sampla dlínsí

## Soláthar léann na scannán i ndlínsí eile

Cé go bhféadfar scannán a mheas a bheith cosúil le hamharclannaíocht sa mhéid gur foirm amharcealaíne atá ann a cheaptar do lucht féachana, tá na gnásanna, an stair agus an próiseas chun an cineál ealaíne a dhéanamh an-difriúil.

### Cá bhfuil sé sa churaclam?

Is minice léann na scannán i ndlínsí éagsúla a bheith le feiceáil mar chuid d'ábhair Ealaíona na Meán. Tá éagsúlacht i leibhéal rannpháirtíochta le scannán, stair scannán agus tacaí teoiriciúla de bhrí gur minic go gcuimsíonn an fócas meáin chruthaitheacha eile agus litearthacht dhigiteach chriticiúil. Bíonn léann na scannán san áireamh uaireanta i dtuiscint leathan ar na meán cumarsáide. Sna cúrsaí seo, is snáithe amháin é scannán in éineacht le snáitheanna eile cosúil le fógraíocht, teilifís agus raidió. Tá líon méadaitheach cúrsaí ann a ligeann do spás do mheáin nua cosúil le podchraoladh, forbairt cluichí agus beochan. Neamhchosúil le Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta, ní hiondúil go mbíonn scannán mar ábhar réimse neamhspleách san oideachas meánscoile íochtaraí. Is iondúil go meastar é mar staidéar níos leithne ar mheáin agus tá sé le feiceáil in ábhair ar leibhéal meánscoile íochtaraí.

### Cad atá sa churaclam?

Is iondúil go meastar an curaclam i léann na scannán i dtrí réimse: stair agus comhthéacs scannán; teanga agus anailís ar scannán; agus forbairt, léiriú agus teicneolaíochtaí na scannán.

Is iondúil go gclúdaíonn stair agus comhthéacs scannán réimse leathan fhorbairt na scannán ó dheireadh na 1890idí go dtí an lá atá inniu ann, ag díriú go ginearálta ar shainréanna ar leith chun príomhscannáin agus príomhstíúrthóirí an ama a mheas mar shamplaí de chomhthéacs. Measann na staidéir scannán lasmuigh de chanóin an iarthair freisin, lena n-áirítear forbairt scannán san Aifric, san Áise agus sa Mheán Oirthear. Ar inneachar an ábhair a liostaítear le haghaidh TGO A-Leibhéal i Léann na Scannán le Eduqas tá réimsí staidéir shainiúil de: Scannán Mheiriceá ó 2005; Scannán Tostach;

<sup>2</sup> Baineann céatadán éagsúla leis an leibhéal ag a bhfuil an scoláire atá ag staidéar an ábhair

Scannán Hollywood 1930-1990 agus Scannán Trialach (Eduqas, 2019). Sa chás seo, sonraítear sa churaclam na réimsí leathana a bhíonn le staidéar agus liostaíonn an bord scrúdaithe ábhartha na téacsanna sainorduithe le staidéar.

Tá fócas i bhfad níos leithne ag an tsonraíocht i Scannán, Teilifís agus na Meáin Nua atá ar fáil le staidéar in Queensland, ná scannán amháin. Baineann an tsonraíocht seo úsáid as an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe chun smaointeoireacht chriticiúil agus inniúlachtaí cruthaitheacha a fhorbairt trí chúig choincheap a fhiosrú: teicneolaíochtaí, léirithe, luchtanna féachana, institiúidí agus teangacha (Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (QCAA), 2019). Ceadaíonn an fócas níos leithne seo scrúdú a dhéanamh ar an lucht féachana agus anailís chriticiúil ar struchtúir, ar theanga, ar shiombailí agus ar ionadaíocht chun litearthacht dhigiteach chriticiúil a fhorbairt agus chun rannpháirtíocht chruthaitheach a chothú.

I dTuaisceart Éireann, tá an t-ábhar Ealaín na nÍomhanna Gluaisteacha ar fáil le staidéar le haghaidh TGO ag Leibhéal AF agus A2. Maidir leis an ábhar seo, bíonn aonaid ar theicnící réalaíochta agus foirmiúlaíochta agus stíl chlasaiceach Hollywood; freagairt chriticiúil; léiriú agus taighde cruthaitheach: punann ardleibhéil; agus Freagairt Chriticiúil Ardleibhéil.

### Cén chaoi a ndéantar é a mheas?

Sna dlínsí a scrúdaítear, sa chás go raibh léann na scannán i láthair mar ábhar, lean measúnú fócas shonraíocht an chúrsa. Sa chás go raibh béim ar scileanna teicniúla a forbraíodh i léiriú scannán, bhí measúnú dírithe ar fhianaise fhorbairt na scile seo; sa chás go raibh fócas an chúrsa ar thacaí stairiúla agus teoiriciúla an ábhair, dhírigh an measúnú ar fhianaise na foghlama seo uaireanta trí scríbhneoireacht fhada nó cur i láthair úsáid an eolais seo i dtionscadal aonair nó comhoibrítheach.

Díríonn roinnt cúrsaí i léann na scannán ar ghnéithe teicniúla scannánaíochta cosúil le stiúirthóireacht, soilsiú, fuaim, eagarthóireacht, agus teicneolaíochtaí scannán. I gcás Victoria, tá léann na scannán mar chuid den soláthar gairmoideachais, tá gné oiliúna gairmoideachais shonrach i gceist agus tá sé creidiúnaithe trí theastais oiliúna a shealbhú.

I dTuaisceart Éireann, déantar na ceithre haonad in Ealaín na nÍomhanna Gluaisteacha a mheasúnú ar bhealaí difriúla agus braitheann an t-ualú a shanntar ar cé acu a mheastar na haonaid mar AS nó A-Leibhéal. Ar mheasúnú ar Aonad 1 áirítear léiriú scannán scéalaíochta 3-4 nóiméad nó beochan 1.5-2 nóiméad agus is iad na múinteoirí a dhéanann é a mheas agus déantar modhnóireacht go seachtrach air. Is scrúdú ar líne is ea Aonad 2 faoi mhíreanna scannáin, a shocraíonn agus a mharcálann CCSM.

Is féidir an éagsúlacht i gcuir chuige a fheiceáil sa tábla thíos:

An Dlíne agus teideal/teidil an ábhair	Léargas Ginearálta ar fhoghlaim	Breithnithe measúnaithe
Queensland, an Astráil <a href="#">Scannán, Teilifís agus na Meáin Nua</a>	Bunsraith Foirmeacha Scéalaíochta Rannpháirtíocht Féiniúlacht	Measúnú Inmheánach (75%): <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iniúchadh ar chás-staidéar 15%</li> <li>• Tionscadal ar ilardáin 25%</li> <li>• Tionscadal stíle 35%</li> </ul> Measúnú seachtrach: freagairt fhada 25%
Victoria, an Astráil	Teastas i dTionscail Chruthaitheacha:	Measúnaithe mar inniúil Measúnuithe VCE VET atá scóráilte go hiomlán

<p>An Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint (VET) sa VCE</p> <p><a href="#">Na Meáin Dhigiteacha agus Chruthaitheacha</a></p>	<p>Áirítear leis modúil roghnacha i ndearadh, soilsiú, ceol, prapaí, ealaín radharcach.</p> <p>Teastas i Scáileán agus na Meáin: Áirítear leis modúil roghnacha i mbeochan dhigiteach, obair cheamara, sócmhainní digiteacha, fuaimrianadh.</p>	<p>Scrúdú iomlán dheireadh na bliana</p>
<p>An Baccalaureate Idirnáisiúnta</p> <p><a href="#">Scannán</a></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Scannán a léamh</li> <li>• Scannán a chur i gcomhthéacs</li> <li>• Róil léirithe scannán a fhiosrú</li> <li>• Scannán a léiriú go comhoibritheach</li> </ul>	<p>Anailís théacsúil (seachtrach) 20%</p> <p>Staidéar comparáideach (seachtrach) 20%</p> <p>Punann scannán (Inmheánach) 25%</p> <p>Tionscadal scannán comhoibritheach (inmheánach) 35%</p>

Tábla 2: Soláthar Staidéir scannán i sampla dlínsí

## Achoimre ar an Rannóg

I ndlínsí idirnáisiúnta, cuirtear léann na drámaíochta agus na hamharclannaíochta laistigh de ghrúpa ábhar ar a dtugtar Oideachas Ealaíon mar aon le damhsa, ceol agus amharc-ealaín. Tá léann na scannán, sna háiteanna a gcuirtear ar fáil é, ina ábhar ar leith agus is minic tagairt ann do mheáin níos leithne agus tá litearthacht dhigiteach chriticiúil agus cumarsáid san áireamh ann.

Tá na hábhair seo praiticiúil agus i gcion mór de shonraíochtaí siollabais sonraítear forbairt scileanna agus úsáidí praiticiúla na scileanna seo trí thionscadail taispeántais agus deartha.

Leagann na hábhair béim freisin ar chomhthéacs stairiúil fhorbairt na foirme ealaíne agus ar thacaí teoiriciúla na foirme ealaíne a fhorbairt. Téann an scoláire i ngleic leis an eolas seo trí dhianstaidéar ar thacadóirí an chomhthéacs agus na teoirice agus cuireann sé i bhfeidhm an t-eolas sin ina chuid oibre.

Aithníonn teagasc, foghlaim agus measúnú i ndlínsí eile an nádúr comhoibritheach na bhfoirmeacha ealaíne seo agus mar sin is gnéithe bunúsacha den dearadh curaclaim iad an obair ensemble agus tionscadail grúpa.

## 5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

---

I bhfianaise an phlé sna ranna roimhe seo, beidh gá leis na ceisteanna seo a leanas a bheith ina n-ábhar plé le linn fhorbairt na sonraíochta agus i bpleanáil chun an t-ábhar a chur i bhfeidhm.

### Scóip agus struchtúr na sonraíochtaí

Mar gheall ar na difríochtaí idir léann na drámaíochta/na hamharclannaíochta agus léann na scannán, is é an chéad cheist ná an chaoi le sonraíocht chomhleanúnach a bhfuil a struchtúr slán aici a chruthú lena ndéantar iarracht an dá ghné dhifriúla seo a fhí lena chéile, drámaíocht/amharclannaíocht agus scannán, ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don scoláire ina shaol amach anseo. Ciallóidh comhcheangal an dá dhisciplín seo, agus an easpa staidéir atá dírithe ar na réimsí seo sa tsraith shóisearach, nach mór d'fairsinge agus scóip choincheapúil na sonraíochta a bheith mar ábhar plé sular féidir struchtúr na sonraíochta a mheas. Cé gur féidir gurb ionann seo agus roinnt dúshlán, cuireann sé deis ar fáil freisin ábhar nua a shainmhíniú a sheasann difriúil ó ach freisin a bhaineann le, a nascann le agus a chuireann le hábhair agus réimsí eile foghlama sa churaclam.

### Scileanna a fhorbairt agus foghlaim chomhoibríoch

Tá forbairt ar scileanna, fás pearsanta agus foghlaim chomhoibríoch lárnach do shonraíochtaí drámaíochta agus amharclannaíochta i ndlínsí eile, tá sí i láthair freisin i roinnt staidéar ar scannán. Beidh an bealach is féidir an fhorbairt, an fás agus an comhoibriú seo a ionchorprú sa tsonraíocht le gur féidir leis an scoláire dul i ngleic leis ar bhealach tacúil, a éascú ag múinteoirí agus a mheas go barántúil chun a aithint go mbeidh an fhoghlaim atá an-difriúil atá i láthair i seomra ranga léann na drámaíochta/na hamharclannaíochta/na scannán mar ábhar plé agus measúnachta.

### Acmhainní

Éilíonn léann na scannán smaointeoireacht agus machnamh breise ar fhócas an staidéir agus na hacmhainní riachtanacha. Éileoidh fócas ar stair agus comhthéacs scannán, a ligeann don scoláire sainréanna leathana stair na scannán agus mionstaidéar ar obair na bpríomhealaíontóirí sa réimse mheas, breithniú ar cheadúnú agus inrochtaineacht na scannán atá riachtanach don staidéar. Is fadhb leanúnach í sin sa seomra ranga Béarla ó tharla nach bhfuil DVDanna agus an modh chun iad a sheimn uileláithreach níos mó agus is annamh a mbíonn seirbhísí sruthaithe inrochtana ar leathanbhanda na scoile. Éileoidh fócas ar na gnéithe teicniúla de scannán (seatanna ceamara, taifeadh fuaimne, eagarthóireacht, prapaí, ealaín radharcach, léiriú, stiúrthóireacht, etc) breithniú ar na hacmhainní atá riachtanach do scoileanna chun an t-ábhar a chur ar fáil sa tsraith shinsearach.

Tá an méid sin tábhachtach i bhfianaise torthaí staidéar de chuid ITES bunaithe ar na sonraí ón staidéar fadaimeartha *Growing Up in Ireland*, a fuair amach go n-athraíonn a oiread go bhfuil daoine óga ábalta na hábhair ealaíon reatha (amharc-ealaín nó ceol) don Ardteistiméireacht de réir an chineáil scoile ar a bhfreastalaíonn siad. Is forleithne soláthar na n-ábhar ealaíon seo (amharc-ealaín agus ceol) i scoileanna táille agus is annaimhe é i scoileanna DEIS (Smyth, 2020).

### Toilleadh

Beidh gá le huasoiliúint shuntasach sna réimsí seo. Níl an toilleadh riachtanach chun dul i ngleic le drámaíocht sa seomra ranga furasta a fháil agus tá léirithe i staidéir ar fhorbairt ghairmiúil aonuaire chun na cumais seo a chothú go bhfuil siad níos lú ná éifeachtach nó inbhuanaithe (Stinson agus Freebody, 2006). Tá múinteoirí sa chóras, áfach, a bhfuil taithí agus saineolas acu i dteagasc drámaíochta nó léiriú amharclainne acu lasmuigh den churaclam, nó múinteoirí a bhfuil eolas agus taithí fhairsing acu sa réimse scannán.



## Measúnú

Cosúil le gach ábhar laistigh de réimse na dtaibhealaíon, ba chóir do mheasúnú na sonraíochta seo a bheith ag teacht leis an rannpháirtíocht bharántúil le torthaí foghlama an duine aonair agus torthaí foghlama grúpa agus a bheith deartha chun forbairt foghlama agus scileanna an scoláire a ghabháil sna fearainn éagsúla. Comhcheanglóidh seo roinnt comhpháirteanna measúnaithe chun an fhoghlaim seo a ghabháil go bailí. Beidh an t-idirdhealú idir na comhpháirteanna measúnaithe mar ábhar plé agus breithnithe i bhforbairt na sonraíochta seo.

## 6. Treoir d'fhorbairt shonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na Sraithe Sinsearaí

---

Bunóidh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoi thasc chun sonraíocht churaclaim a fhorbairt don ábhar nua, Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM ar obair an Ghrúpa Forbartha don tSraith Shinsearach, agus aontaíonn an Chomhairle i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Forbrófar Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na hArdteistiméireachta chun tacú le fíorú an chuspóra agus na físe le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha mar a leagtar amach in Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Cuireann na treoirphrionsabail, mar a chuirtear síos orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, caighdeán ar fáil don Ghrúpa Forbartha agus iad ag tabhairt faoin tasc sonraíocht churaclaim a ullmhú le haghaidh Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na hArdteistiméireachta.

Beidh an tsonraíocht scoláire-láraithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ag teacht go leathan le leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ag teacht leis an teimpléad ar aontaigh an Chomhairle leis, do shonraíochtaí curaclaim a fhoilseoidh CNCM in C4, 2022 i ndiaidh tuilleadh taighde ar nádúr agus ar dheardh na sonraíochtaí curaclaim do chéim na sraithe sinsearaí den oideachas. Ina theannta sin, déanfaidh taighde a rinne CNCM eolas do dheardh na sonraíochta, i gcomhoibriú le CSS, maidir le hualú, uainiú agus measúnú na gcomhpháirteanna atá sa bhreis leis na scrúduithe scríofa.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích le haghaidh fhómhar 2023.

Le bheith níos sonraí, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar sa tsraith shóisearach agus chun cur léi agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile chomh maith le foghlaim amach anseo sa saol, i staidéar, in ardoideachas agus i mbreisoideachas, i bprintíseachtaí agus i dtréimhsí oiliúna, agus sa saol oibre
- An bunús atá le staidéar a dhéanamh ar Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na sraithe sinsearaí, á dhéanamh trédhearcach agus soiléir don scoláire, do na múinteoirí, agus do na tuismitheoirí
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacaíocht a thabhairt don scoláire maidir le tuiscint ar ábharthacht na drámaíochta, na hamharclannaíochta agus scannán ina shaol laethúil agus ar ábharthacht agus tábhacht na drámaíochta, na hamharclannaíochta agus scannán san 21ú haois
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt scileanna taispeántais, forbairt phearsanta agus saineolas teicniúil an scoláire
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht scileanna taispeántais a fhorbairt leis an eolas, an stair, an comhthéacs agus an teoiric atá mar bhonn taca do na réimsí difriúla lena mbaineann sa teideal ábhair

- An chaoi chun roinnt deiseanna éagsúla agus cuí a thabhairt don scoláire a fhoghlaim a léiriú sna réimsí difriúla sa tsonraíocht chun modhanna iolracha rannpháirtíochta agus ionadaíochta a cheadú don scoláire
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim theanga, a bheith go láidir scoláire-láraithe agus fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a eolas, scileanna, luachanna agus meonta
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfar fócas ar fhorbairt réimse scileanna ábhartha trí theagasc agus foghlaim ar bhonn fiosraithe a chur chun cinn trí dhul i ngleic leis an teoiric atá taobh thiar den tsonraíocht
- An chaoi chun glacadh le teicneolaíocht agus í agus a chur i bhfeidhm go daingean i múinteoireacht, foghlaim agus measúnú
- An chaoi ar féidir cothromas rochtana foghlama a ionchuímsiú sa tsonraíocht
- Más ea go mbeidh scannán sainorduithe nó téacsanna drámatúla mar chuid den tsonraíocht agus an chaoi a ndéanfar an roghnú a bhainistiú
- Na hacmhainní a bheidh riachtanach do sholáthar na sonraíochta lena chinntiú go gcoimeádfar ionracas agus cothroime na sonraíochta, go mbeidh tóir leathan air don scoláire agus do scoileanna agus go spreagfaidh sé cothromaíocht inscne maidir le roghnú an ábhair.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe, sa chéad dul síos, ar an bpáipéar treorach seo. Le linn obair agus mhachnamh na Meithle Forbartha, féadfar tuilleadh mionsonraí roinnt de na pointí seo agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

## Tagairtí

---

Bolas, T. (2008) *Screen Education: From Film Appreciation to Media Studies*. ProQuest Ebook Central: Intellect Books Ltd.

Caldwell Cook, H. (1919) *The Play Way*. An dara heagrán Nua-Eabhrac: Frederick Stokes.

CCSM (2016a) *CCEA GCE Specification in Moving Image Arts*. Béal Feirste: An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe.

CCSM (2016b) *CCEA GCE Specification in Performing Arts*. Béal Feirste: An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe.

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (2017) *CCEA GCSE Specification in Drama*. Béal Feirste: CCSM.

Cregan, A. (2019) *Promoting Oral Language Development in the Primary School*. Baile Átha Cliath: CNCM.

data.gov.ie (2020) *LCA Subject provision and take up 2020*. Le fáil ar: <https://data.gov.ie/dataset/eda87-leaving-certificate-applied-lca-programme-subject-provision-and-take-up>.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (2012) *Arts in Education Charter*. Baile Átha Cliath: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta (2019) *An Plean Gníomhaíochta Closamhairc Colún 4 den Chlár Éire Ildánach Audiovisual Action Plan Creative Ireland Programme Pillar 4*. Baile Átha Cliath: Éire Ildánach.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998) *Siollabas Béarla na hArdteistiméireachta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus CNCM (1999) *Drama: Arts Education Curriculum (Primary)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. doi:10.1057/978-1-137-59929-2\_5.

Edmiston, B. (2021) i "Hotseating: The Drama Education Podcast with Aoibheann Finnegan." Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn, Samhain 2021.

Eduqas (2019) *WJEC Eduqas TGCE A Level in Film Studies Specification*. WJEC Eduqas.

Elsaesser, T. (2016) *Film History as Media Archaeology: Tracking Digital Cinema*. Amstardam: Amsterdam University Press.

Finlay Johnson, H. (1907) *The Dramatic Method of Teaching*. Londain: Nisbet.

Finneran, M. (2016) "Poltergeist, problem or possibility? Curriculum drama in the Republic of Ireland," *Research in Drama Education*, 21(1), lgh 108–125. doi:10.1080/13569783.2015.1127144.

Heathcote, D. agus Bolton, G. (1995) *Drama for learning: Dorothy Heathcote's mantle of the expert approach to education*. Portsmouth: NH: Heinemann.

Hussey, P. (2017) "Speech to the Joint Committee on Education and Skills, 21 Feb." Tithe an Oireachtais. Le fáil ar: [https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/joint\\_committee\\_on\\_education\\_and\\_skills/2017-02-21/2/](https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/joint_committee_on_education_and_skills/2017-02-21/2/).

Hussey, P. (2018) "Reflexivity and the Pedagogy of Surprise," in Ryan, A. agus Walsh, T. (eagarthóirí) *Reflexivity and Critical Pedagogy*. Leiden, An Ísiltír: Brill. doi:10.1163/9789004384507.

Institiúid Scannán na hÉireann (gan dáta) *Irish Film Institute -ABOUT THE SHORT COURSE IN FILM*. Ar fáil ar: <https://ifi.ie/short-course> (Rochtain ar: An 18 Bealtaine, 2022).

McCoy, S., Smyth, E., Banks, J. (2012) *Learning in focus - The primary classroom: Insights from the growing up in Ireland study*. Baile Átha Cliath: ITES.

McCarthy, K. (2018) *Down the Rabbit-Hole : Excavating Applied Theatre [A thesis submitted for the Degree of Doctor of Philosophy]*. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

CNCM (2020) *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile: le haghaidh comhairliúcháin*. Baile Átha Cliath: CNCM.

CNCM (2022) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach - Tuarascáil Chomhairleach*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Neelands, J. (1984) *Making sense of drama*. Portsmouth: NH: Heinemann.

O'Neill, C. (1982) *Drama Structures*. Londain: Hutchinson.

O'Toole, J., Stinson, M. agus Moore, T. (2009) *Drama and Curriculum: A Giant at the Door*. Dordrecht: Springer, an Ísiltír.

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (QCAA),(2019) *Drama 2019 v1.1: general Senior Syllabus*. Queensland QCAA.

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (QCAA), (2019) *Film, Television & New Media 2019*. Melbourne: QCAA.

Slade, P. (1954) *Child Drama*. Londain: London University Press.

Slade, P. (1966) *Child Drama and its value in Education*. Birmingham: Educational Drama Association.

Smyth, E. (2020) *Arts & Cultural Participation among 17-year-olds*. Baile Átha Cliath: ITES, An Chomhairle Ealaíon.

Stinson, M. agus Freebody, K. (2006) "The DOL project: an investigation into the contribution of Process Drama to improved results in English oral communication," *Youth Theatre Journal*, 20, lgh 27-41.

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCCA) (2019a) *VCE Drama Study Design 2019-2024*. Melbourne: VCAA.

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCCA) (2019b) *VCE Theatre Studies 2019-2024*. Melbourne: VCAA.

Vincent-Lancrin, S. et al. (2019) *Fostering Students' Creativity and Critical Thinking*. Páras: OECD Publishing. doi:<https://doi.org/10.1787/62212c37-en>.

Way, B. (1967) *Development through Drama*. Londain: Longmans.



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment